**RABHADH**
**Freagair gach ceist sna spásanna cuí ar an bpáipéar seo.**

Scríobh do Scrúduimhir anseo.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2015**

**STAIDÉAR IMSHAOIL AGUS SÓISIALTA**

**ARDLEIBHÉAL**

**DÉ hAOINE, 5 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30 - 11.30**

**Treoracha d'iarrthóirí:**

**Freagair GACH CEANN de na CÚIG cheist laistigh**

- Ceist 1 *ar leathanaigh 2, 3, 4 agus 5*
  Freagair codanna (A), (B) agus (C)
- Ceist 2 *ar leathanaigh 6, 7, 8 agus 9*
  Freagair cuid (A) nó (B)
- Ceist 3 *ar leathanaigh 10, 11, 12 agus 13*
  Freagair cuid (A). Ansin freagair cuid (B) nó (C)
- Ceist 4 *ar leathanaigh 14 agus 15*
- Ceist 5 *ar leathanach 16*
  Seiceáil ar dtús an bhfuil an léarscáil agus an t-aerfótagraf agat. Freagair na ceisteanna go léir.

**Don scrúdaitheoir amháin:**

| *Ceist* | **MARC** |
|---|---|
| **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |
| **5** | |
| **IOMLÁN** | |
| **GRÁD** | |

# CEIST 1
**24 marc**

**Freagair GACH ceann de na TRÍ chuid – (A) agus (B) agus (C)**

**(A) CEISTEANNA ILROGHNACHA** **(12 mharc)**

**Freagair <u>12</u> de na ceisteanna seo a leanas. Cuir tic ( ✓ ) sa bhosca ceart i ngach cás.**

*Sampla:* Is é an chathair is mó in Éirinn ná:

(a) Gaillimh ☐ (b) Béal Feirste ☐

(c) Baile Átha Cliath ☑ (d) Port Láirge ☐ (1)

***1.*** Duine a dhéanann léarscáileanna is ea:

(a) seandálaí ☐ (b) cartagrafaí ☐

(c) cartlannaí ☐ (d) geolaí ☐ (1)

***2.*** Ciallaíonn 'Réabhlóid':

(a) iompú thart iomlán ☐ (b) crainn a chur ☐

(c) treabhadh ☐ (d) cogadh ☐ (1)

***3.*** Tír atá á rialú ag tír eile is ea:

(a) cúige ☐ (b) rialtas ☐

(c) coilíneacht ☐ (d) oileán ☐ (1)

***4.*** Is í an abhainn is faide in Éirinn ná:

(a) An tSionainn ☐ (b) An Life ☐

(c) An Laoi ☐ (d) An Bhearú ☐ (1)

***5.*** Ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis tomhaiseann comhrianta:

(a) airde os cionn leibhéal na mara ☐ (b) fad ☐

(c) treo ☐ (d) daonra ☐ (1)

***6.*** Is é an t-aigéan amach ó iarthar na hÉireann ná:

(a) An tAigéan Indiach ☐ (b) An tAigéan Artach ☐

(c) An tAigéan Ciúin ☐ (d) An tAigéan Atlantach ☐ (1)

***7.*** Scoil a bhfuil Brat Glas aici tá dea-chleachtas aici sa réimse seo:

(a) ríomhairí ☐ (b) torthaí scrúduithe ☐

(c) spórt ☐ (d) athchúrsáil ☐ (1)

***8.*** Is ionaid iad clubanna óige, páirceanna agus linnte snámha do cheann acu seo:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | tionsclaíocht | ☐ | (b) | caitheamh aimsire | ☐ | |
| (c) | oideachas | ☐ | (d) | airgeadas | ☐ | (1) |

***9.*** Sampla is ea Sí an Bhrú i gContae na Mí de cheann acu seo:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | tuama pasáiste | ☐ | (b) | dolmain | ☐ | |
| (c) | ráth | ☐ | (d) | crannóg | ☐ | (1) |

***10.*** Is é is mó a fhaightear i gceantar tuaithe ná:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | oifigí | ☐ | (b) | talamh feirme | ☐ | |
| (c) | stáisiúin chumhachta | ☐ | (d) | árasáin | ☐ | (1) |



***11.*** Taispeánann an pictiúr thuas foirgneamh ina bhfuil:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | bungalónna | ☐ | (b) | oifigí | ☐ | |
| (c) | árasáin | ☐ | (d) | siopaí | ☐ | (1) |

***12.*** Is é a thugtaí ar áit chun príosúnaigh a choinneáil i gcaisleán ná:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | doinsiún | ☐ | (b) | forbhalla | ☐ | |
| (c) | droichead tógála | ☐ | (d) | daingean | ☐ | (1) |

***13.*** Cé acu díobh seo a leanas atá ina fhoinse phríomha?

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | scannán faisnéise | ☐ | (b) | leabhar staire | ☐ | |
| (c) | scannán a rinneadh don phictiúrlann | ☐ | (d) | dialann | ☐ | (1) |

***14.*** Uirbiú a thugtar ar an acmhainn seo a fhorbairt:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| (a) | bailte agus cathracha | ☐ | (b) | bóithre | ☐ | |
| (c) | talamh feirme | ☐ | (d) | páirceanna | ☐ | (1) |

**(B) MUINTIR AN tSEANSAOIL** **(6 mharc)**

**AN tSEANRÓIMH, AN tSEANGHRÉIG, AN tSEANÉIGIPT NÓ DOMHAN NA nINCEACH**

I gcás ceann **AMHÁIN** de na sibhialtachtaí thuas, scríobh faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) Tithe

**NÓ**

(b) Ceannaire nó rialtóir cáiliúil sa tsibhialtacht sin

**NÓ**

(c) Nósanna adhlactha agus sochraide

**NÓ**

(d) Airm a d'úsáid na saighdiúirí

Is í an tsibhialtacht a scríobhfaidh mé fúithi ná ______________________________

(6)

**(C) LONNAÍOCHT ÉIREANNACH** **(6 mharc)**

**Taispeánann na fótagraif thíos dhá lonnaíocht. Mainistir is ea ceann de na lonnaíochtaí agus is longfort Lochlannach é an ceann eile.**
**Déan staidéar ar na fótagraif agus ansin freagair na ceisteanna a leanann iad.**



Lonnaíocht A



Lonnaíocht B

***1.*** Líon isteach na focail atá in easnamh sna habairtí seo a leanas:

______________________________ is ea Lonnaíocht A.

Is eol dom é sin mar gheall ar an___________________________________ san fhótagraf.

_______________________________is ea Lonnaíocht B.

Is eol dom é sin mar gheall ar an ___________________________________ san fhótagraf. (4)

***2.*** Cén phríomhghníomhaíocht a bhí ar siúl i Lonnaíocht B?

________________________________________________________________________________(1)

***3.*** Ainmnigh ábhar tógála **AMHÁIN** a úsáideadh i Lonnaíocht A.

________________________________________________________________________________(1)

# CEIST 2

**24 marc**

**Freagair cuid (A) <u>nó</u> (B)**

## (A) PLANDÁIL IN ÉIRINN SA 17ú hAOIS (24 marc)

Féach ar an íomhá thíos. Is cuid de shuirbhé í faoi dhul chun cinn Phlandáil Uladh.
Ansin freagair na ceisteanna a leanann í.

**Suirbhé**
**Is é an tIarla Abercorn an gealltóir do chodanna an tSratha Báin, Donnalong agus Skean (4500 acra san iomlán), agus rinne sé na codanna sin a phlandáil le beagnach céad sealbhóir tí atá lonnaithe lena stoic eallaigh. Tá a bhformhór armáilte go maith.**
**Thóg sé teach mór ceann tuí agus clós cearnógach dó féin sa Srath Bán.**
**Níl ach ochtar nó naonúr tionóntaí ag George Hamilton (neamhláithrí) ar a chuid féin (1000 acra), seachas sin, níl dada déanta aige.**

**Sir Josias Bodley, 1613.**

*1.* Cathain a rinneadh an suirbhé? ______________________________ (1)

*2.* Cé a rinne an suirbhé? ______________________________ (1)

*3.* Ainmnigh **DHÁ** cheantar a phlandáil Iarla Abercorn.

a. ____________________ agus b. ____________________ (2)

*4.* Cé mhéad sealbhóir tí a lonnaigh Iarla Abercorn ar a chodanna féin?

______________________________ (2)

*5.* Luaigh **DHÁ** chineál bia a d'fhéadfadh na lonnaitheoirí a tháirgeadh leis an eallach a thug siad leo.

a. ____________________ agus b. ____________________ (2)

*6.* Cén fáth a raibh na lonnaitheoirí armáilte?

______________________________

______________________________ (2)

*7.* Cén cineál tí a thóg an tIarla Abercorn sa Srath Bán?

______________________________________________________________________(2)

*8.* Luaigh **DHÁ** phíosa fianaise a thaispeánann nár ghealltóir rathúil é George Hamilton.

a. ______________________________________________________________________

agus

b. ______________________________________________________________________(2)

*9.* Ainmnigh **DHÁ** arm a úsáideadh in aimsir na bplandálacha.

a. ______________________________ agus b. ______________________________ (2)

*10.* Luaigh cúis **AMHÁIN** a raibh tábhacht ag baint le ghealltóirí le go n-éireodh le Plandáil Uladh.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ (2)

*11.* Scríobh alt faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) Na cúiseanna a bhí le Plandáil Uladh.
(b) Saol plandálaí i gCúige Uladh.
(c) Cuideachtaí Londan.
(d) Saol Éireannaigh a chaill talamh.

Scríobhfaidh mé faoi ____________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________(6)

<u>NÓ</u>

**(B) AN BHRASAÍL** **(24 marc)**

**Féach ar na fótagraif agus léigh an t-eolas thíos agus freagair na ceisteanna ar an leathanach thall.**

**Bhí cluichí ceannais Chorn an Domhain FIFA ar siúl sa Bhrasaíl in 2014. Chuige sin, bhí ar an mBrasaíl mórán staideanna nua a thógáil chun na cluichí a imirt iontu. Thóg siad iad i gcathracha nó gar dóibh sa chaoi go bhféadfaidís naisc mhaithe iompair a chruthú chuig na cluichí agus uathu.**




**Thóg siad roinnt staideanna a bhí go hálainn ar fad.**

**Ar an drochuair, tógadh formhór na staideanna seo in áiteanna a raibh daoine ina gcónaí cheana féin in *favelas*. Brúdh na daoine a bhí ina gcónaí sna háiteanna sin amach nuair a bhí na *favelas* á leagan chun spás a dhéanamh do na staideanna peile. Anois tá cónaí orthu níos faide amach ó na cathracha i bpubaill agus i scáthláin déanta as leathánra plaisteach.**





**Chuir Corn an Domhain feabhas ar na naisc iompair sna cathracha ach, chomh luath agus a bhí sé ar fad thart, ardaíodh na táillí iompair ar fad; ardaíodh cíosanna; ardaíodh praghsanna sna siopaí.**





***1.*** Cén fáth ar tógadh na staideanna peile seo i gcathracha nó gar dóibh? Tabhair **DHÁ** chúis.

________________________________________________________________________

_____________________________________________________________________(4)

2. An dóigh leat go ndearna Corn an Domhain FIFA a bhí ar siúl sa Bhrasaíl difear do shaol na ndaoine saibhre? Tabhair **DHÁ** chúis le do fhreagra.

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

_____________________________________________________________________(4)

3. Cén fáth a gcuirfeadh táillí iompair níos airde as do dhaoine bochta go mór mór sna cathracha seo?

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

_____________________________________________________________________(4)

4. Bogann mórán daoine ó cheantair thuaithe sa Bhrasaíl chuig na cathracha móra. Tabhair **TRÍ** chúis a mbogann daoine chuig na cathracha.

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

_____________________________________________________________________(6)

5. Déan cur síos ar na fadhbanna a d'fhéadfadh a bheith ag daoine a bhogann ón tuath chuig na cathracha. Tabhair **TRÍ** shampla ar a laghad.

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

_____________________________________________________________________(6)


**CEIST3**

**24 marc**


**Freagair cuid (A), ansin freagair cuid (B) nó (C)**

**(A) AN RÉABHLÓID THIONSCLAÍOCH** **(12 mharc)**

Úsáid na pictiúir agus an tábla eolais thíos chun na ceisteanna ar an leathanach thall a fhreagairt.



| Ceantar Uirbeach sa Bhreatain | Daonra 1801 | Daonra 1851 |
|---|---|---|
| **Glaschú** | 77,000 | 345,000 |
| **Leeds** | 53,000 | 172,000 |
| **Manchain** | 75,000 | 303,000 |
| **Birmingham** | 71,000 | 233,000 |
| **Learpholl** | 82,000 | 376,000 |



***1.*** Taispeánann an tábla ar an leathanach thall gur tháinig fás tapa ar an daonra i gceantair uirbeacha sa Bhreatain idir 1801 agus 1851.

Tabhair **DHÁ** chúis a mhíníonn an fás tapa seo ar an daonra.

An Chéad Chúis______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________(2)

An Dara Cúis______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________(2)

***2.*** Déan cur síos ar **DHÁ** fhadhb a bheadh ag daoine a bhí ina gcónaí i gceantair uirbeacha in 1851.

An Chéad Fhadhb______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________(2)

An Dara Fadhb______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________(2)

***3.*** Mínigh **DHÁ** cheann de na téarmaí seo a leanas:

Tionscal Baile　　Réabhlóid Thionsclaíoch　　Ceardchumann　　Luddaigh

An Chéad Téarma______________________________________________

______________________________________________(2)

An Dara Téarma ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________(2)

**FREAGAIR CUID (B) NÓ CUID (C)**

**(B) AN CHÉAD CHOGADH DOMHANDA** **(12 mharc)**

**Féach ar an bhfótagraf agus freagair na ceisteanna thíos.**



Grianghrafadóir -Michael Day

**Is é atá san fhótagraf seo ná cuimhneachán ag Túr Londan, chun comóradh a dhéanamh ar na saighdiúirí sna seirbhísí Briotanacha, mórán Éireannach ina measc, a maraíodh sa Chéad Chogadh Domhanda. Rinneadh é le 888,246 poipín ceirmeach lámhdhéanta. Nuair a bhí sé críochnaithe, bhí an móta ar fad lán le poipíní.**

***1.*** Cén fáth a n-úsáidtear an poipín i gcuimhne orthu siúd a throid agus a bhásaigh sa Chéad Chogadh Domhanda?

____________________________________________________(1)

***2.*** Cén fáth a raibh an oiread sin cuimhneachán ar an gCéad Chogadh Domhanda in 2014?

____________________________________________________(1)

***3.*** An dóigh leat go bhfuil an cuimhneachán san fhótagraf oiriúnach chun an Chéad Chogadh Domhanda a thabhairt chun cuimhne? Tabhair cúis **AMHÁIN** le do fhreagra.

____________________________________________________(2)

***4.*** Scríobh alt gearr faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) Airm nua a úsáideadh sa Chéad Chogadh Domhanda;

(b) Na fadhbanna a bhí roimh shaighdiúirí nuair a d'fhill siad abhaile ón gCéad Chogadh Domhanda.

____________________________________________________

____________________________________________________

____________________________________________________

____________________________________________________

____________________________________________________

____________________________________________________

____________________________________________________

____________________________________________________

____________________________________________________(8)

**NÓ**

**(C) AN DARA COGADH DOMHANDA** **(12 mharc)**

**Tugadh ciondáil isteach sa Ríocht Aontaithe le linn an Dara Cogaidh Dhomhanda. Ceadaíodh méid áirithe bia agus comhábhar do gach saoránach gach seachtain. Taispeánann an pictiúr ciondáil seachtaine do dhuine fásta.**




*1.* Cén fáth a raibh gá le ciondáil? Tabhair **DHÁ** chúis.

________________________________________________

________________________________________________

________________________________________________

________________________________________________

________________________________________________(2)

*2.* Leanadh den chiondáil sa Ríocht Aontaithe go dtí 1954, cé gur tháinig deireadh leis an gcogadh in 1945. Tabhair cúis **AMHÁIN** ar leanadh den chiondáil, dar leat.

________________________________________________________________

________________________________________________________________(2)

*3.* Scríobh alt gearr faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) Cath **A AINMNÍONN TÚ** sa Dara Cogadh Domhanda

**NÓ**

(b) Na sluachampaí géibhinn

________________________________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________

________________________________________________________________ (8)

# CEIST 4

**24 marc**

**4. (a) MNÁ SA DOMHAN FORBARTHA AGUS SA DOMHAN I mBÉAL FORBARTHA**

**(12 mharc)**

**Léigh an t-eolas thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.**

**Sa tSualainn (An Eoraip)**
Is é ionchas saoil mná ná 84 bliain
Faigheann duine as gach 330 cailín bás roimh aois a cúig
Beirtear beirt pháistí do mhná, ar an meán
Is féidir le 99% de mhná léamh
Maireann oideachas éigeantach ar feadh deich mbliana
Téann 96% de chailíní ar an meánscoil



**In Angóla (An Afraic)**
Is é ionchas saoil mná ná 53 bliain
Faigheann duine as gach seisear cailíní bás roimh aois a cúig
Beirtear cúigear nó seisear páistí do mhná, ar an meán
Is féidir le 54% de mhná léamh
Maireann oideachas éigeantach ar feadh sé bliana
Téann 17% de chailíní ar an meánscoil



*1.* Cé acu tír a bhfuil ionchas saoil níos airde inti? ________________________________________(1)

*2.* Cé acu tír a bhfuil an ráta báis níos airde inti i measc páistí faoi bhun cúig bliana d'aois?

________________________________________________________________________(1)

*3.* Mínigh go hachomair **TRÍ** dhifríocht atá idir an dá thír thuas.

a.________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

**b.**________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

**c.** ________________________________________________________________________

________________________________________________________________________(6)

*4.* Mínigh **DHÁ** shlí ina bhféadfaí saol na mban in Angóla a fheabhsú.

a. ________________________________________________________________________

________________________________________________________________________

b. ________________________________________________________________________

________________________________________________________________________(4)

**(b) DÚSHAOTHRÚ EACNAMAÍOCH TÍORTHA I mBÉAL FORBARTHA (12 mharc)**
**Déan staidéar ar an eolas agus ar na híomhánna thíos agus freagair na ceisteanna a leanann iad.**

**Tá fosuithe móra de mhianraí agus de mhiotail luachmhara ag mórán tíortha san Afraic. Mar sin féin, tá mórán tíortha san Afraic ar na tíortha is boichte ar domhan.**
**Seo roinnt tíortha san Afraic agus a gcuid earraí easpórtála:**

**An Bhotsuáin** – diamaint, copar, nicil, luaith shóide agus ór
**An Congó** – diamaint, peitreal, cóbalt agus copar
**An Ghabúin** – peitreal agus mangainéis
**An Ghuine** – báicsít, alúmana, ór agus diamaint
**Siarra Leon -** diamaint
**An tSúdáin** – peitreal agus ór
**Mailí** – ór
**An Mhháratáin** – iarnmhian
**Mósaimbíc** – alúmanam
**An Namaib** – diamaint, úráiniam, ór agus sinc
**An tSaimbia** – copar agus cóbalt



*5.* Cad is 'earra easpórtála' ann?______________________________

______________________________ (2)

*6.* Cad is 'dúshaothrú' ann?______________________________

______________________________ (2)

*7.* Ainmnigh **DHÁ CHEANN** de na mianraí Afracacha thuas ar eol duit iad a bheith luachmhar.

________________ agus ________________ (4)

***Tá an cartún á úsáid le caoinchead polyp.org.uk***



'GOLD DIGGERS'

*8.* Is é teideal an chartúin seo ná 'Tochaltóirí Óir'. An dóigh leat gur teideal maith é sin don chartún? Tabhair cúis **AMHÁIN** le do fhreagra.

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ (4)

## CEIST 5

**24 marc**

**Seiceáil an bhfuil léarscáil agus fótagraf agat sula bhfreagraíonn tú na ceisteanna seo. (24 mharc)**

Scrúdaigh an léarscáil Suirbhéireachta Ordanáis 1: 50,000 agus an t-aerfótagraf a ghabhann leis an bpáipéar seo. Ansin freagair na ceisteanna thíos.

Taispeánann an léarscáil agus an fótagraf baile Dhún Garbhán agus an ceantar ina thimpeall.

***1.*** Ainmnigh an príomhbhóthar náisiúnta a thaispeántar ar an léarscáil.

____________________________________________________________(2)

***2.*** Tabhair ainmneacha **DHÁ** abhainn a thaispeántar ar an léarscáil

____________________________ agus __________________________________(2)

***3.*** Is beann é Cruachán atá 484 méadar ar airde. Tabhair tagairt eangaí sé fhigiúr do Chruachán.

____________________________________________________________(4)

***4.*** Ainmnigh an príomhchineál úsáide a bhaintear as an talamh timpeall ar Chruachán.

____________________________________________________________(4)

***5.*** Tabhair **DHÁ** phíosa fianaise go bhfuil daoine lonnaithe sa cheantar timpeall ar Dhún Garbhán le fada.

____________________________________________________________

____________________________________________________________(4)

***6.*** Féach ar an léarscáil agus ar an bhfótagraf. Cén fhianaise atá ann do na feidhmeanna seo a leanas i nDún Garbhán? **NÍ** gá duit tagairtí eangaí a thabhairt.

| **Feidhm** | **Fianaise** |
|---|---|
| Feidhm chosanta | |
| Feidhm leighis | |
| Feidhm thurasóireachta | |
| Feidhm reiligiúin | |
| Feidhm chónaitheach | Feicim eastáit tithíochta san fhótagraf |

(4)

***7.*** Cén fhianaise atá ann, ón léarscáil agus ón bhfótagraf, nach féidir le báid mhóra ná le longa calafort Dhún Garbhán a shroicheadh?__________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________(4)